Ùimh 9
Samhradh 2004

Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Focal ón Eagarthóir

Le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, CECDE

Tá súil agam gur bhain sibh go léir an-taitneamh as an samhradh agus go bhfuil sibh lán fuinnimh anois ar fhilleadh ar an obair dóibh! Is léir domsa, áfach, go bhfuil an samhradh traidisiúnta, nuair nach mbíodh mórán oibre le déanamh, ag teacht chun deiridh …Tá lucht an LFOLÓ ag obair go dian le trí mhí anuas. A thuilleadh faoi sin ar ball beag.

Tá aithne curtha ag cuid mhór agaibh ar an Dochtúir Gemma Kiernan ina ról mar Stiúrthóir Cúnta ar an LFOLÓ. D'éirigh Gemma as a post sa LFOLÓ i mí Meithimh chun dul ag obair mar Léachtóir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Táimid an-sásta go bhfuil ag éirí chomh maith sin le Gemma, ach ag an am céanna is oth linn go bhfuil sí ag imeacht. Chuir sí go mór le hobair an Lárionaid agus le cúrsaí chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn. Tá tábhacht agus tionchar mór ag baint lena ndearna sí. Braithimid uainn go mór séimhe, cumas agus muinín Gemma agus guímid gach rath uirthi ina post nua.

Tá cuid mhaith den bhunobair riachtanach atá luaite inár gclár oibre curtha i gcrích ag foireann an LFOLÓ. Foilseoimid dhá cháipéis thábhachtacha gan mhoill: athbhreithniú atá sa chéad cheann ar bheartais agus ar chleachtais idirnáisiúnta maidir le cáilíocht chúram agus oideachas na luath-óige. Is éard atá i gceist leis an dara ceann ná suirbhé agus anailís ar chur chuige i leith cáilíochta i gcúram agus oideachas na luath-óige i bPoblacht na hÉireann. Is dócha go mbeidh spéis mhór sa dara ceann go háirithe. Cuirfidh an dá fhoilseachán leis an obair atá á déanamh chun ár gcuspóir lárnach a bhaint amach mar atá, Creatlach Náisiúnta um Cháilíocht a fhorbairt i réimse chúram agus oideachas na luath-óige.

Idir an dá linn, tá ag éirí go breá lenár n-ullmhúcháin don Chomhdháil Idirnáisiúnta, "Ceisteanna Cáilíochta"i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ó 23 go 25 Meán Fómhair 2004 agus tá mé sásta a rá go mbeidh meascán maith rannpháirtithe ann ó Éirinn agus ó thíortha eile freisin. Aon duine nach bhfuil cláraithe go fóill, féach ar alt Sharon O'Brien san eagrán seo.

Heino Schonfeld
Stiúrthóir

Contents

Súil Ar Aghaidh ar'Ceisteanna Cáilíochta' 2-3

Athbhreithniú ar Bheartais Náisiúinta agus Idirnáisiúnta a Bhaineann le Cáilíocht i gCOLÓ 4

An Chreatlach Náisiúnta um Cháilíocht i gCOLÓ in Éirinn 4

Súil Ar Aghaidh ar Chomhdháil Idirnáisiúnta an LFOLÓ, 'Ceisteanna Cáilíochta'

Sharon O'Brien, Oifigeach Riaracháin, an LFOLÓ

Muna bhfuil d'áit curtha in áirithe go fóill agat don chomhdháil 'Ceisteanna Cáilíochta' ó 23 go 25 Meán Fómhair, b'fhéidir gur mhaith leat é a dhéanamh an tseachtain seo agus tairbhe a bhaint as ár dtáille speisialta do dhaoine a chláraíonn go luath, ¤295. Tá na mionsonraí cláraithe thíos.

Céard a bheidh i gceist le chéad chomhdháil idirnáisiúnta an LFOLÓ? Léiríonn sracfhéachaint ar an gclár go mbeidh meascán maith cainteanna ann faoi na téamaí "Cáilíocht a Shainmhíniú, a Mheas agus Tacaíocht di i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige". Is é Noel Dempsey, Uasal, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, a dhéanfaidh an tAitheasc Oscailte. Maidir lenár spreagchainteoirí, is saineolaithe sa réimse iad a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach acu. Tá peirspictíochtaí difriúla acu i leith na Cáilíochta ach go fóill féin, tagann na cur chuige sin le chéile. Pléann an tOllamh Tricia David le feasacht ar Cháilíocht mar cheist a bhaineann go sonrach le cúrsaí cultúrtha, mar a dhéanann sí i gClár Birth-to-three Matters na Ríochta Aontaithe. Díríonn an Dochtúir Mathias Urban ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht cháilíochta agus ceannasaíocht i gcórais oideachasúla agus déanann sé tagairt ar leith don chóras Gearmánach. Bíonn ríthábhacht do chleachtóirí ag baint le timpeallachtaí foghlama agus féachann an Dochtúir Richard Clifford, ar bhealach ar leith, ar dhóigheanna chun an chothromaíocht fhoirfe a bhaint amach idir seasmhacht agus diminiciúlacht. Tugann an Dochtúir Nóirín Hayes taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile agus cuireann sí béim ar an tábhacht a bhaineann leis ó thaobh Creatlach Náisiúnta um Cháilíocht a fhorbairt.

Déanfar plé ar ár dtrí phríomhthéama mar atá Sainmhíniú, Measúnú agus Tacaíocht do Cháilíocht i dtrí sheisiún ceardlainne. Déanfar 36 cur i láthair ar éagsúlacht mhór ábhar mar chuid de na seisiúin sin agus ina measc beidh píosaí taighde atá fíorshuimiúil. Tá gné idirnáisiúnta ag baint leis na cainteanna mar beimid ag féachaint ar chás-staidéir a bhaineann le taighde agus le tionchar Chaighdeán Cáilíochta go hidirnáisiúnta. Cuirifear béim mhór freisin ar cruthaitheacht agus éagsúlacht a spreagadh i gcuraclaim agus i dtimpeallachtaí luathfhoghlama.

Mar chuid den ábhar a chuirfear i láthair faoin téama 'Cáilíocht a Shainmhíniú' tá staidéar ar phictiúir a rinne leanaí óga astu féin, scrúdú criticiúil ar litríocht na Finscéalta agus staidéir ar uimhreas agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide sna luathbhlianta. Pléitear le ról na timpeallachta sa luathfhoghlaim agus féachfaimid ar an taighde atá déanta ar fhorbairt Chórais Dhearbhú Cáilíochta in Éirinn, san Eoraip agus san Astráil.

Tabharfar faoin dara téama, "Cáilíocht a Mheas" ar bhealaí difriúla agus déanfaidh na cainteoirí léirmheas dúinn ar éagsúlacht scálaí rátála, ar rialúcháin agus ar mhúnlaí féin-mheasúnaithe a dhíríonn ar leanaí. Fiosrófar conas dul i gcomhairliúchán le leanaí óga mar chuid den phróiseas agus conas plé leo mar ghníomhaithe ina bhfoghlaim féin. Féachfaidh na cainteoirí ar staidéar a scrúdaíonn an caidreamh idir súgradh siombalach agus forbairt teanga i leanaí a mbaineann siondróm Down leo.

Beidh na cainteanna deireanacha ar siúl maidin Dé Sathairn faoin téama "Tacaíocht do Cháilíocht". Is éard a bheidh i gceist leis sin ná súil a thabhairt ar chlár litearthachta teaghlaigh agus ar mhúnlaí tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear cur chuige do naíonáin atá faoi mhíchumas. Cuirfear i láthair múnla comhtháthaithe iomlánaíoch do leanaí atá faoi mhíchumas fisiciúil. Chomh maith leis sin, scrúdófar na Grúpaí Súgartha Pobail in Éirinn agus ról ilfheidhmeach an tsúgartha.

Tá an LFOLÓ thar a bheith sásta leis an spéis atá léirithe agus leis an éagsúlacht chur chuige maidir le téamaí ár gcomhdhála agus cuireann sé béim ar dhlúthcheangaltas na gcoimeádaithe geallta cáilíocht a fheabhsú i saol leanaí óga. Tá an chosúlacht ar an scéal gur imeacht spéisiúil thaitneamhach a bheidh sa chomhdháil i mí Mheán Fómhair. Is céim luachmhar chun tosaigh í freisin i dtreo Chreatlaí Náisiúnta um Cháilíocht.

Chun clárú do "Ceisteanna Cáilíochta", níl le déanamh ach logáil inár láithreán gréasáin www.cecde.ie nó dul i dteagmháil le Sinead Marrinan ag Conference Partners ar +353 (1) 6677188 chun foirm chláraithe a fháil.

Athbhreithniú ar Bheartais, ar Chleachtais agus ar Thaighde Idirnáisiúnta a Bhaineann le Cáilíocht i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige

Le Thomas Walsh, Oifigeach Forbartha, LFOLÓ

I mí Eanáir 2004, choimisiúnaigh an Lárionad um Thaighde Sóisialta agus Oideachasúil (LTSO) athbhreithniú ar cháilíocht i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige sa chomhthéacs idirnáisiúnta ón Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLÓ). Chríochnaigh an LTSO an taighde seo i mí Bealtaine 2004 agus tá an LFOLÓ dá chur in eagar agus dá ullmhú le foilsiú.

Beidh an t-athbhreithniú idirnáisiúnta mar chrann taca agus mar bhunchloch d'fhorbairt na Creatlaí Náisiúnta um Cháilíocht (CNC) atá idir lámha ag an LFOLÓ. Is iad na crainn taca eile ná forbairt ar *'Creatlach Choincheapúil maidir le conas a Fhorbraíonn agus a Fhoghlaimíonn Leanaí Óga in Éirinn'*, tuarascáil ar chomhairliúchán an LFOLÓ a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2003, 'Ag Caint ar Cháilíocht (Talking About Quality)' agus 'Athbhreithniú Náisiúnta ar Cháilíocht Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn – Beartais, Cleachtais agus Taighde 1990-2004.' Foilsíodh tuarascáil an chomhairliúcháin san Earrach 2004 agus foilseofar crainn taca eile na CNC san Fhómhar 2004.

Tá go leor ag tarlú go hidirnáisiúnta maidir le ceist na cáilíochta i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige. Cé go dtabharfaidh an CNC léargas ar fhorbairtí in Éirinn le blianta beaga anuas, tá sé tábhachtach tuiscint a bhaint amach ar mhúnlaí de bheartais, cleachtais agus taighde maidir le cáilíocht go hidirnáisiúnta. Tá go leor le foghlaim ón rath agus ó na teipeanna a tharla i dtíortha eile agus soláthraíonn comparáidí idir tíortha difriúla deis chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar thuairimí agus ar chleachtais in Éirinn.

I gcomhairliúchán leis an LFOLÓ, roghnaigh an LTSO seacht dtír don athbhreithniú. Roghnaíodh iad chun léargas maith a thabhairt ar mhúnlaí áirithe de sholáthar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige go hidirnáisiúnta. Is iad na tíortha atá i gceist ná an Ghearmáin, an Iodáil, Tuaisceart Éireann, an Phortaingéil, an tSualainn, an Iorua agus an Nua-Shéalainn. Measadh go raibh sé tábhachtach Tuaisceart Éireann a chur san áireamh mar gheall ar a chóngaraí is atá sé dúinn go geografach agus as siocair go dteastaíonn uainn bogadh i dtreo chomhionannú polasaithe faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Tá imlíne ann ar chomhthéacs an athbhreithnithe agus anailís ghonta ar chastacht choincheap na cáilíochta i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige. Ina dhiaidh sin tá próifíl ar gach tír aonarach. Mar gheall ar éagsúlachtaí i struchtúr agus feidhmiú sholáthar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige sna tíortha go léir, cuirtear an t-athbhreithniú i láthair taobh istigh de chreatlach leathan. Áirítear leis sin na gnéithe seo a leanas do gach tír, le fo-cheanntheidil éagsúla a léiríonn mar a eagraítear Cúram agus Oideachas na Luath-Óige sna ceantair éagsúla:

1. Réamhrá
2. Comhthéacs do Cháilíocht
3. Cáilíocht a Shainmhíniú
4. Cáilíocht a Mheas
5. Ag Tacú le Cáilíocht
6. Míbhuntáiste Oideachasúil agus Riachtanais Speisialta
7. Impleachtaí d'Éirinn

Ag deireadh na tuarascála, déantar na téamaí coitianta ón athbhreithniú tras-náisiúnta a chomhtháthú agus tá imlíne ar impleachtaí na bhfíricí d'fhorbairt CNC sa chomhthéacs Éireannach. Áirítear leis na himpleachtaí sin an gá atá le creatlach de bheartas comhordnaithe, le sainmhíniú leathan, lúbtha ar cháilíocht, le páirtíocht na gcoimeádaithe geallta go léir, le soláthar oiliúint shásúil réamhsheirbhíse agus inseirbhíse agus le bonneagar sásúil tacaíochta chun cuidiú le feidhmiú. Foilseoidh an LFOLÓ an tuarascáil san Fhómhar 2004.

Athbhreithniú ar Bheartais, ar Chleachtais agus ar Thaighde Náisiúnta a Bhaineann le Cáilíocht i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige

Le Maresa Duignan, Oifigeach Forbartha, LFOLÓ

Cuireann an páipéar seo i láthair athbhreithniú sonraithe ar na cáipéisí a bhaineann le cáilíocht i gcúram agus oideachas na luath-óige. Tá athbheochan tagtha ar bheartas, ar chleachtas agus ar thaighde sa réimse seo in Éirinn ó luath sna 1990idí. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an líon cáipéisí a bhaineann leo, go háirithe ó tugadh isteach rialúchán reachtúil ar sheirbhísí réamhscoile i 1997.

Cé go bhfuil an t-athbhreithniú bunaithe ar chomhthéacs Éire an lae inniu, tugtar aitheantas do na cúinsí staire sóisialta agus cultúrtha a d'imir tionchar ar chúrsaí sa lá atá inniu ann. Ó 1990, tá athruithe móra tagtha ar stádas socheacnamaíoch na hÉireann, rud a imríonn tionchar tábhachtach ar mar a fhéachtar ar leanaí sa tsochaí, ar an ról atá acu inti agus ar mar a thugtar cúram agus oideachas dóibh. Mar gheall ar fhás sa gheilleagar, tá gá le níos mó ban sa líon lucht oibre agus ag éirí as sin, bíonn tionchar ar an éileamh ar chúram leanaí lasmuigh den bhaile. Tá múnla an teaghlaigh ag athrú freisin, rud a théann i bhfeidhm ar eispéiris na leanaí sna luathbhlianta. Táthar ag díriú níos mó ar leanaí mar thomhaltóirí, agus mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta, tá athrú tagtha ar an mbealach a mbíonn leanaí ag súgradh agus ag idirghníomhú leis an domhan thart timpeall orthu.

Pléitear le cáipéisí beartas, cleachtas agus taighde i gcaibidlí ar leith.

- Cuirtear i láthair go beacht, soiléir an líonra casta beartas a bhaineann le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige in eagraíochtaí reachtúla augs neamhreachtúla, mar aon leis na himpleachtaí atá aige sin d'obair an LFOLÓ maidir le Creatlach Náisiúnta um Cháilíocht (CNC) a fhorbairt.
- Mar chuid den chuardach d'fhianaise cháipéise de thionscnaimh phraiticiúla a bhaineann le cáilíocht, thángthas ar thaisce shaibhir eolais agus saineolais a sholáthraíonn léargas agus treoir luachmhar maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na CNC. Déantar achoimre ar agus cuirtear i láthair na himpleachtaí foriomlána a bhaineann leis an stór ábhar sin.
- Cé gur beag taighde atá curtha i gcrích go hiondúil ar bhonn náisiúnta maidir le saincheist na cáilíochta i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), tá cuid mhór eagraíochtaí agus taighdeoirí aonracha ag plé le príomhcheisteanna na cáilíochta le deich mbliana anuas. Sa rannóg seo, pléitear lena gcuireann an saothar seo leis an scéal ina iomláine agus cuirtear i láthair na himpleachtaí a bhaineann le forbairt na CNC.

Críochnaíonn an tuarascáil le plé ar na téamaí ginearálta atá tagtha chun cinn ón athbhreithniú maidir le cáilíocht i gCOLÓ a shainmhíniú agus a mheas agus tacaíocht lena haghaidh. Cuirtear sintéis de na téamaí sin i láthair in éineacht le hocht moladh do ghnímh amach anseo i dtreo fhorbairt, chur i ngníomh agus chothabháil Chreatlach Náisiúnta um Cháilíocht i gCOLÓ in Éirinn. Foilseofar an t-athbhreithniú seo roimh dheireadh 2004.

An Chreatlach Náisiúnta um Cháilíocht i gCOLÓ in Éirinn: Céard Iad bhur dTuairimí Féin?

Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLÓ) ag déanamh dréachta den Chreatlach Náisiúnta um Cháilíocht (CNC) i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) in Éirinn. Is é príomhchuspóir na Creatlaí ná soláthar cáilíochta a chur chun cinn i ngach seirbhís do leanaí idir breith agus sé bliana d'aois. Áirítear leis sin grúpaí súgartha, créches, réamhscoileanna, suímh chúram lae do theaghlaigh agus ranganna naíonán i mbunscoileanna srl.

Samhlaítear go dtabharfaidh an chreatlach san áireamh ábhair agus próisis a shainmhíníonn, a mheasann agus a thacaíonn le cáilíocht. Is é ceann de na príomhghnéithe den chreatlach ná liosta a dhéanamh de phrionsabail, de chaighdeáin cháilíochta náisiúnta agus de threoirlínte míniúcháin a mbainfidh cách atá bainteach le soláthar seirbhísí d'ardcháilíocht do leanaí óga úsáid as. Táthar ag súil go dtacóidh na hábhair sin le ról lárnach thuismitheoirí, chaomhnóirí agus an teaghlaigh go léir i saol leanaí óga.

Oibríonn an LFOLÓ i gcomhairliúchán le gach coimeádaí geallta. Go dtí seo, tá ár gcuid oibre dírithe ar bhunchlocha a thógáil don CNC (tá níos mó sonraí ar an gceithre chloch is tábhachtaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin – Comhairliúchán ar Cháilíocht i gCOLÓ; Athbhreithnithe Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Thionscnaimh Cháilíochta (a dtagraítear dóibh thuas); agus an Chreatlach Choincheapúil d'Fhoghlaim na Luath-Óige). Táimid réidh anois chun toiseacht ar eolas agus ábhair acmhainní a fhorbairt a bheidh mar bhunghnéithe den CNC agus ba mhaith linn bhur dtuairimí a fháil maidir leis an bhformáid is oiriúnaí chun iad a chur i láthair an réimse leathan chleachtóirí in earnáil COLÓ in Éirinn.

Gabh chuig www.cecde.ie chun bhur dtuairimí a chur chugainn ar líne nó tar i dteagmháil linn go díreach ag an Lárionad chun bhur gcuid féin a chur leis an gCreatlach Náisiúnta um Cháilíocht i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn.

Tuarascáil ar Sheimineár ar na Luathbhlianta a bhí ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, 13 Iúil, 2004.

Le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, LFOLÓ

Bhí an-lúcháir ar chomhaltaí foirne an LFOLÓ a bheith i láthair agus cur i láthair a dhéanamh ag seimineár a d'eagraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) ina gcuid oifigí ar Bhóthar Chluaidh Dé Máirt 13 Iúil. Dhírigh an seimineár ar fhorbairtí a tharla ar na mallaibh a mbeidh tionchar acu ar sholáthar na luath-óige in Éirinn sa mheántéarma. Bhí an lucht éisteachta comhdhéanta de dhaoine ó na boird sláinte agus ó na gníomhaireachtaí deonacha a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Rinne Mary Meaney ón ÚNM athbhreithniú i gcomhthéacs sholáthar reatha na luathbhlianta ar an Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta atá le rith. Shonraigh Mary aidhmeanna na reachtaíochta; na sainmhíniúcháin laistigh di; ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus na mbord sláinte agus an caidreamh eatarthu atáthar ag moladh; rialúcháin do mheasúnú; na bunúis agus bealaí éagsúla le haghaidh achomhairc; ról an Eagraitheora Riachtanas Speisialta Oideachasúil; Pleananna Indibhidiúla Oideachais; ról na scoileanna; agus soláthar acmhainní mar a chuirtear síos air san Acht. Is reachtaíocht leathan í seo agus is acmhainní den chéadscoth í anailís Mhary do chách a bhíonn ag obair anseo in Éirinn le leanaí óga le riachtanais speisialta.

Chuir Arlene Forster, Stiúrthóir Curaclaim agus Measúnaithe, NCCA, i láthair *I dTreo Creatlaí don Luathfhoghlaim: Cáipéis Chomhairliúcháin.* Tá tús curtha ag an NCCA le próiseas comhairliúcháin ar an tionscnamh nuálach seo a sholáthróidh don chéad uair riamh creatlach do churaclam náisiúnta d'earnáil na luathbhlianta. Sholáthair cur i láthair Arlene léargas ar na blianta atá caite i mbun ullmhúcháin chun an tionscadal seo a thabhairt chun cinn. Tá roinnt bealaí éagsúla curtha ar fáil ag an NCCA do gach coimeádaí geallta freagairt agus a bheith páirteach i bhforbairt chreatlach an churaclaim amach anseo. Tá dlúthbhaint ag an LFOLÓ leis an gcomhairliúchán, agus molaimid do gach páirtí leasmhar an deis seo a thapú curaclam na luathbhlianta amach anseo in Éirinn a mhúnlú.

B'iad Thomas Walsh agus Jacqueline Fallon a rinne an cur i láthair maidir le forbairt an LFOLÓ, ár gcuid oibre agus tionscadail reatha san áireamh. Dhírigh Thomas ar fhorbairt na Creatlaí Náisiúnta um Cháilíocht (CNC) atá idir lámha faoi láthair, agus an Iniúchadh ar Thaighde in Éirinn maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige 1990-2003 atá foilsithe ag an LFOLÓ. Dhírigh Jacqueline ar shaincheisteanna cúraim agus oideachais, ar choincheap na luathbhlianta mar an tréimhse idir breith agus sé bliana d'aois agus ar sholáthar seirbhísí dírithe do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste agus do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Gabhaimid buíochas leis an ÚNM as an seimineár a eagrú.

Litir Oscailte ó Eagarthóir Child Care in Practice

Is irisleabhar ildhisciplíneach é Child Care in Practice agus cuirtear fáilte roimh ailt ó éinne atá fostaithe nó bainteach le réimse Chúram Leanaí.

Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa Eagrán Speisialta den Irisleabhar faoin luath-óige a fhoilsiú go luath i 2005. Tá sé de rún againn é a láinseáil ag ár n-ollchruinniú agus comhdháil bhliantúil i 2005; mar sin de, beimid ag cur fáilte roimh na húdair a gcuid páipéar a chur i láthair ag an gcomhdháil sin. Beidh an chomhdháil ar siúl i gColáiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis Dé Máirt 22 Márta 2005.

An t-eolas seo san áireamh, ba mhaith liom cuireadh a thabhairt do gach duine a bhíonn ag obair i réimse na Luath-Óige a machnamh a dhéanamh ar alt a chur isteach d'Eagrán Speisialta an Irisleabhair. Ní mór go mbeadh gach alt don eagrán sin istigh faoi 1 Meán Fómhair 2004, agus b'fhearr iad a chur isteach níos luaithe ná sin. Cé nach mbeidh gach páipéar ag teacht le téama Eagráin Speisialta an Irisleabhair, foilseofar aon pháipéar a bheidh ar chaighdeán foilsithe in eagrán eile den irisleabhar i 2005.

Is féidir ailt a chur isteach trí trí chóip chrua agus cóip leictreonach (diosca bog) a chur chuig: Nuala Boyle, Oifigeach Forbartha, Child Care in Practice, Scoil na hOibre Sóisialta, 7 Lennoxvale, Béal Feirste, BT9 5BY.

Beidh mé ag súil le bhur n-ailt a fháil agus gabhaim buíochas libh as spéis a léiriú san irisleabhar s'againn.

Is mise, le meas,

Nuala Boyle
Oifigeach Forbartha
Bord Eagarthóireachta, Child Care in Practice